COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

E00167294

# Foirm Iarratais ar Chuntas Taisce

Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA.

**NÓTA – Tá ráta athraitheach ag Cuntais Taisce (Banc Taisce an Phoist), tá siad faoi réir uasteorainn €250,000 in aghaidh an duine aonair agus is féidir le leanbh 7 mbliana d'aois nó níos sine iad a oibriú (Taisce/Aistarraingtí in Oifigí an Phoist) gan toiliú an Tuismitheora/Chaomhnóra ainmnithe.**

## PAINÉAL A | CINEÁL SEALBHÓRA

Nóta – tá an fhoirm seo le haghaidh cuntais aonair agus cuntais chomhpháirteacha. Le haghaidh foirmeacha iarratais eile glaoigh ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200

Cuir tic leis an gcineál Cuntais atá de dhíth thuas (Ná roghnaigh ach CEANN AMHÁIN as Aonar nó Comhpháirteach.)

**Aonar** ☐ (Comhlánaigh Painéal B Roinn 1) **Comhchuntas** ☐ (Comhlánaigh Painéal B Roinn 1 agus 2) **Mionúir faoi bhun 18 mbliana d'aois** ☐ (Comhlánaigh Painéal B Roinn 1 & Painéal F Roinn 3)

## PAINÉAL B | SONRAÍ AN TSEALBHÓRA/NA SEALBHÓIRÍ

Tá gach réimse marcáilte * éigeantach Chun Coigilteas Stáit a chur ar an eolas faoi athrú seolta, ní mór duit foirm um Athrú Seolta a chomhlánú agus a sheoladh ar ais sula dtéann tú ar aghaidh le d'iarratas. Féach ar StateSavings.ie le haghaidh tuilleadh sonraí nó déan teagmháil le 0818 20 50 60 Luan go hAoine.

| | **Roinn 1** An chéad sealbhóir ainmnithe | **Roinn 2** An dara sealbhóir ainmnithe (Seolfar gach comhfhreagras chuig an seoladh i **Roinn 1**) |
|---|---|---|
| Teideal* | Uas ☐ Bn ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx ☐ | Uas ☐ Bn ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx ☐ |
| Céadainm(neacha)* | | |
| Ainm Láir | | |
| Sloinne* | | |
| UPSP* | | |
| Dáta breithe* | L L M M B B B B | L L M M B B B B |
| Seoladh líne 1* | | |
| Seoladh líne 2 | | |
| Cathair/Baile* | | |
| Contae* | | |
| Tír* | | |
| Éirchód | | |
| Uimh. Theileafóin teagmhála* | | |
| Seoladh ríomhphoist* | | |

## PAINÉAL C | SONRAÍ CUSTAIMÉARA BREISE

Tabhair faoi deara go bhfuil an t-eolas seo riachtanach chun go bhféadfaimid d'iarratas a phróiseáil, féach cuid 2 sa rannóg Nótaí chun sonraí a fháil maidir le do chuid sonraí a bhailiú agus a phróiseáil.

Sa chás go bhfuil roghanna iomadúla ar fáil, ná roghnaigh ach bosca amháin in aghaidh an tsealbhóra ainmnithe, má bhaineann níos mó ná ceann amháin leis, roghnaigh an ceann is ábhartha duitse. Sa chás go bhfuil meastacháin riachtanach, bunaigh é ar do chúinsí reatha nó ar na rudaí is dóichí, dar leat.

| | Roinn 1 | Roinn 2 |
|---|---|---|
| Tír bhreithe* | | |
| Náisiúntacht* | | |
| Stádas Fostaíochta* | Fostaí Lánaimseartha ☐ Fostaí Páirtaimseartha ☐ Cúramaí baile ☐ Féinfhostaithe ☐ Ar scor ☐ Mac léinn ☐ Dífhostaithe ☐ | Fostaí Lánaimseartha ☐ Fostaí Páirtaimseartha ☐ Cúramaí baile ☐ Féinfhostaithe ☐ Ar scor ☐ Mac léinn ☐ Dífhostaithe ☐ |
| Cineál Tionscail Fostaíochta | | |
| Glanioncam Measta Míosúil* | € | € |
| Cuspóir an Chuntais* | Tuarastal ☐ Billí ☐ Coigilt ☐ Ó Lá go Lá ☐ Cuntas Lá na Báistí ☐ | Tuarastal ☐ Billí ☐ Coigilt ☐ Ó Lá go Lá ☐ Cuntas Lá na Báistí ☐ |
| Lóisteáil Mhíosúil Mheasta* | €0 - €2.5k ☐ €2.5k - €5k ☐ €5k - €7.5k ☐ €7.5k + ☐ | €0 - €2.5k ☐ €2.5k - €5k ☐ €5k - €7.5k ☐ €7.5k + ☐ |
| Taiscí Airgid Measta Míosúil* | Níos mó ná 50% ☐ Níos lú ná 50% ☐ | Níos mó ná 50% ☐ Níos lú ná 50% ☐ |
| Foinse Cistí* | Tuarastal ☐ Coigilt ☐ Fáltais Díolacháin ☐ Oidhreacht ☐ Pinsin/Leasa Rialtais ☐ Buachan Cearrbhachais ☐ Ioncam Maoine/Cíosa ☐ Tiomsú Airgid Carthanúil ☐ Bronntanas ☐ | Tuarastal ☐ Coigilt ☐ Fáltais Díolacháin ☐ Oidhreacht ☐ Pinsin/Leasa Rialtais ☐ Buachan Cearrbhachais ☐ Ioncam Maoine/Cíosa ☐ Tiomsú Airgid Carthanúil ☐ Bronntanas ☐ |

## PAINÉAL D | DEARBHÚ AGUS SÍNIÚ

**Léigh mé/muid na nótaí 1 go 3 ar dhroim na foirme iarratais seo agus glacaim/id leo agus aontaím le húsáid mo/ár UPSP. Admhaím/Admhaímid go n-oibrítear an cuntas seo de bhun Rialacháin POSB, 1921 (arna leasú). Sínigh agus dátaigh.**

| Síniú an Chéad Sealbhóra Ainmnithe | Dáta | Síniú an Dara Sealbhóra Ainmnithe | Dáta |
|---|---|---|---|
| X Síniú | L L M M B B B B | X Síniú | L L M M B B B B |

## PAINÉAL E | SEICLIOSTA CEANNAITHEORA CÉADUAIRE (gach sealbhóir ainmnithe le soláthar). Féach na nótaí thall.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Foirm Iarratais chomhlánaithe** ☐ | **Cruthúnas Ainm:** : Ceadúnas Tiomána reatha bailí AE nó Pas ☐ | **Cruthúnas Seoladh:** Cáipéis/Litir le d'ainm, do sheoladh agus dar dáta níos lú ná 6 mhí m.sh. Bille Teaghlaigh/Ráiteas Bainc ☐ | **Cruthúnas USPS:** Cáipéis/Litir le d'ainm agus UPSP m.sh. Cárta Seirbhíse Poiblí (Cúl agus Aghaidh )/ Cáipéis Ioncaim ☐ |

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil sealbhóir ainmnithe faoi bhun 18 mbliana d'aois, teastaíonn an méid seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Painéal F Comhlánaithe Sonraí Tuismitheora/Caomhnóra ☐ | Cruthúnas Tuismíochta/Caomhnóireachta m.sh. Teastas Breithe an Linbh/Ordú Cúirte ☐ | Cruthúnas Ainm Tuismitheora/ Caomhnóra ☐ | Cruthúnas ar Sheoladh an Tuismitheora/Chaomhnóra ☐ |

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

## PAINÉAL F | TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA ag teastáil sa chás go bhfuil sealbhóir ainmnithe faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá gach réimse marcáilte * éigeantach

| | **Roinn 3** Tuismitheoir/Caomhnóir (Má tá an chéad sealbhóir ainmnithe faoi bhun 18 mbliana d'aois) | **Roinn 4** Tuismitheoir/Caomhnóir (Má tá an dara sealbhóir ainmnithe faoi bhun 18 mbliana d'aois) |
|---|---|---|
| Teideal* | Uas ☐ Bn ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx ☐ | Uas ☐ Bn ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx ☐ |
| Céadainm(neacha)* | | |
| Ainm Láir | | |
| Sloinne* | | |
| Dáta breithe* | L L M M B B B B | L L M M B B B B |
| Seoladh líne 1* | | |
| Seoladh líne 2 | | |
| Cathair/Baile* | | |
| Contae* | | |
| Tír* | | |
| Éirchód | | |
| Tír bhreithe* | | |
| Náisiúntacht* | | |
| | Síniú an Chéad Tuismitheora/Caomhnóra Ainmnithe (más infheidhme) | Síniú an Dara Tuismitheora/Caomhnóra Ainmnithe (más infheidhme) |
| | X Síniú | X Síniú |
| Dáta* | L L M M B B B B | L L M M B B B B |

## NÓTAÍ Sula gcomhlánaíonn tú an Fhoirm Iarratais seo agus Painéal D "Dearbhú agus Síniú" go háirithe caithfidh tú na Nótaí 1, 2 agus 3 thíos a léamh.

**1. FIANAISE AITHEANTAIS & FAISNÉIS EILE**

1.1 Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) chun críocha: (a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh); (b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit na hÉireann eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus (c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

1.2 Tig linn d'aitheantas a fhíorú: (a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó (b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí duit).

1.3 I gcás nár thug tú fianaise aitheantais sásúil, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go bhfíoraítear fianaise d'aitheantais go sásúil. Chun aon amhras a sheachaint, ní thabhófar aon ús, bónas nó méid eile i ndáil le Táirge i rith na tréimhse ina bhfuil fianaise an aitheantais á fhíorú faoin gcoinníoll seo.

**2. SONRAÍ PEARSANTA**

2.1 Is é an NTMA Rialaitheoir Sonraí (chun críche an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa NTMA chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an NTMA agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

2.2 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i Nóta 1 (Fianaise Aitheantais): (a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú; (b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit na hÉireann eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus (c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

2.3 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach in 2.2.

2.4 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmíocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

2.5 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit na hÉireann agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear faoi reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid).

2.6 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit na hÉireann. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios i bhfeidhm ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

2.7 Tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifig um Príobháideachas Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2. Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Feic Dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.

**3. CLÁIR**

3.1 Nuair a ghlactar le d'iarratas chun Táirge a cheannach agus nuair a thugtar fianaise aitheantais go sásúil faoi Nóta 1 (Fianaise Aitheantais), taifeadfaimid d'ainm(neacha) agus Príomh-mhéid an Táirge sa Chlár infheidhme leis an Táirge sin, agus beidh an Clár ina thaifead oifigiúil den Sealbhóir/de na Sealbhóirí agus de Príomh-mhéid an Táirge sin.

3.2 Ní bheimid freagrach as aon mhoill a d'fhéadfadh tarlú agus d'iarratas chun ceannacháin á phróiseáil mar gheall ar iarratas neamhiomlán a chur isteach nó má theipeann ort fianaise aitheantais a thabhairt go sásúil faoi choinníoll 1 (Fianaise Aitheantais). Go háirithe, ba cheart go dtabharfá faoi deara go bhféadfadh sé nach mbeadh an Táirge a ndearna tú iarratas air ar fáil níos mó faoin am go gcríochnaítear an próiseas dá dtagraítear i gcoinníoll 3.1, mar gheall ar aon mhoill de do chuid. Sa chás seo, déanfaimid teagmháil leat chun do threoracha nua a lorg.

3.3 D'fhéadfadh na Cláir bheith ar fáil ar pháipéar nó go leictreonach nó go páirteach i bhfoirm amháin agus i bhfoirm eile, i ngach cás, faoi rogha an NTMA.